C/2024/1226

31.1.2024

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11413 – DUISPORT / TKSE / TKSL)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2024/1226)

1. An 19 Eanáir 2024 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Duisburger Hafen Aktiengesellschaft ('Duisport'), atá faoi rialú Beteiligungsverwaltungsgesellschaft des Landes Nordrhein-Westfalen mbH ('BVG') (an dá cheann acu sa Ghearmáin),

— thyssenkrupp Steel Europe AG ('tkSE'), ar cuid den ghrúpa thyssenkrupp AG é (an dá cheann acu sa Ghearmáin),

— thyssenkrupp Steel Logistics GmbH ('tkSL') (an Ghearmáin), atá faoi rialú tkSE.

Gheobhaidh Duisport agus tkSE rialú comhpháirteach, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc, ar tkSL.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is é Duisport úinéir agus oibreoir Chalafort Duisburg. Ligeann sé talamh/eastát réadach tráchtála agus lóistíochta ar cíos agus soláthraíonn sé seirbhísí lódála, lóistíocht pacáistíochta agus lóistíocht ar conradh, chomh maith le seirbhísí lóistíochta eile.

— Tá speisialtóireacht ag TKSE i dtáirgeadh cruach carbóin comhréidhe. Maidir le raon feidhme na seirbhísí, tá idir réitigh ábhar saincheaptha agus sheirbhísí a bhaineann le hábhair i gceist leis.

3. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó an ghnóthais tkSL: Oibríonn tkSL calafoirt oibre tkSE in Schwelgern agus Walsum, a bhaineann le limistéar calafoirt tadhlach i gcomharsanacht Chalafort Duisburg, eadhon calafoirt oibreacha cruach Duisburg de chuid tkSE, atá suite ar an láthair.

4. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

5. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11413 – DUISPORT / TKSE / TKSL

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a chur chuig an gCoimisiún trí ríomhphost nó tríd an bpost ach úsáid a bhaint as na sonraí teagmhála thíos:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË